Rewarding Learning

Centre Number

Candidate Number

General Certificate of Secondary Education
2025

Irish

Unit 3: Reading
Higher Tier

ML

[GIH32]

TUESDAY 17 JUNE, MORNING

TIME

1 hour, plus your additional time allowance.

INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Do not write outside the boxed area on each page or on blank pages.
Complete in black ink only. **Do not write with a gel pen.**
Answer **all twelve** questions.

INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 60.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

Answer **all** questions.

Section A

Questions and answers **in Irish**.

1 An club óige

Léann tú an t-alt seo faoin chlub óige.

Is é an club óige an áit is fearr i mo cheantar mar bíonn na daoine iontach fáiltiúil. Buailim le cairde nua sa chlub go minic.

Bíonn an club óige ar oscailt seacht lá sa tseachtain ón Luan go dtí an Domhnach. Osclaíonn an club gach tráthnóna ar a cúig a chlog agus druideann sé ar a haon déag a chlog san oíche.

Thig leat cuid mhór rudaí difriúla a dhéanamh sa chlub; mar shampla, bíonn daoine ag imirt peile agus caitheann daoine am le chéile fosta.

Níl pictiúrlann ar bith sa tsráidbhaile ach bíonn "oíche scannáin" sa chlub óige uair amháin gach mí. Ní fíorphictiúrlann í. Amharcann gach duine ar scannán ar an teilifíseán ollmhór sa halla spóirt.

An deireadh seachtaine seo chugainn beidh ceiliúradh mór sa chlub óige. Beidh sé 25 bliain d'aois i mbliana. Beidh cóisir ann le béile mór do na daoine fásta agus beidh dioscó ann do na déagóirí.

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

(a) **(i)** Cuireann na daoine sa chlub óige fáilte romhat. ☐

(ii) Cuireann na daoine sa chlub óige fearg ort. ☐

(iii) Cuireann na daoine sa chlub óige eagla ort. ☐ [1]

(b) **(i)** Bíonn an club óige ar oscailt ar an Luan agus ar an Domhnach amháin. ☐

(ii) Bíonn an club óige ar oscailt gach lá ach amháin an Luan agus an Domhnach. ☐

(iii) Bíonn an club óige ar oscailt gach lá sa tseachtain. ☐ [1]

(c) **(i)** Osclaíonn an club óige go luath ar maidin. ☐

(ii) Druideann an club óige roimh mheán oíche. ☐

(iii) Bíonn an club óige ar oscailt ó mhaidin go hoíche. ☐ [1]

(d) **(i)** Níl spórt ar bith sa chlub óige. ☐

(ii) Níl cead a bheith ag caint sa chlub óige. ☐

(iii) Tá cuid mhaith rudaí le déanamh sa chlub óige. ☐ [1]

[Turn over

BLANK PAGE

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

(e) **(i)** Tá pictiúrlann cheart sa cheantar. ☐

(ii) Níl pictiúrlann cheart sa chlub óige. ☐

(iii) Níl teilifíseán sa chlub óige. ☐ [1]

(f) **(i)** Bhí an club óige 25 bliain d'aois anuraidh. ☐

(ii) Beidh bia ar fáil ag an cheiliúradh sa chlub óige. ☐

(iii) Ní bheidh dioscó sa chlub óige. ☐ [1]

[Turn over

2 Féilte

Léann tú na cártaí seo a fuair Áine i rith na bliana.

Nollaig Shona

Nollaig Shona duit, a Áine!

Ní bheidh mé sa bhaile don Nollaig ach feicfidh mé thú ar an chéad lá den bhliain úr.

~ Bliain úr faoi mhaise duit, **Ciarán**.

A Áine,

Dúirt do mhamaí gur bhris tú do chos.

Tá súil agam go dtiocfaidh biseach ort roimh i bhfad.

~ Le grá, **Maitiú**.

Breithlá sona duit!

Breithlá sona duit, a Áine! Beidh mé mall don chóisir ach coinnigh píosa beag den chíste dom le do thoil, is breá liom rudaí milse.

~ Beir bua, **Stiofán**.

Beannachtaí na Cásca ort, a Áine!
Tá a fhios agam nach maith leat seacláid ar bith, ach seo cúpla ticéad duit le dul chuig an tseó sin san amharclann ag deireadh na míosa.

~ Do chara, **Clár**.

15889.02 **ML**

Pioc an focal/an frása ceart agus scríobh an litir sa bhosca.

(a) Feicfidh Ciarán agus Áine a chéile ☐ . [1]

A ag an Nollaig	**B** i mí Eanáir	**C** i mí Feabhra

(b) D'inis ☐ Áine do Mhaitiú gur bhris sí a cos. [1]

A tuismitheoir	**B** deirfiúr	**C** bainisteoir

(c) Ba mhaith le Stiofán ☐ ag an chóisir. [1]

A bia te	**B** cáis	**C** cáca

(d) Cheannaigh Clár ☐ d'Áine. [1]

A ubh Chásca	**B** ticéid amharclainne	**C** seacláidí

[Turn over

3 Mo cheantar nua

Léann tú faoin cheantar nua ina bhfuil Conall ina chónaí anois.

Bhí mé i mo chónaí cois farraige ó rugadh mé ach bhog mé féin agus mo theaghlach go dtí an Lorgain ar na mallaibh.

Tá muintir na háite ar an Lorgain iontach cairdiúil ach ní labhraíonn a lán daoine Gaeilge liom sna siopaí. Téim chuig rang Gaeilge i Halla an Bhaile le mo chuid Gaeilge a chleachtadh. Tá sé suite in aice leis an leabharlann.

Caithfidh mé a rá go bhfuil easpa imeachtaí poiblí atá saor in aisce ar an Lorgain ach is cinnte go bhfuil cuid mhór scoileanna ar fáil. Tá mé ag dúil le dul ar scoil mar is scoil mheasctha í mo scoil úr; ní raibh cailíní ar bith sa scoil ina raibh mé anuraidh.

Tá na siopaí ar dóigh ar an Lorgain. Tá ionad siopadóireachta i lár an bhaile, ach, níl carrchlós ar bith ann; mar sin de, ní bhíonn sé furasta an carr a pháirceáil.

Tá an saol sóisialta measartha maith ar an Lorgain fosta. Tá club na n-óg, club peile, club snámha agus club gailf ann. Chuala mé go mbeidh club oíche ag oscailt roimh i bhfad fosta.

Conall

Pioc an focal/an frása ceart ón tábla agus scríobh an litir cheart san áit cheart.

Bhí cónaí ar Chonall in aice leis an **(i)** ☐ go dtí gur bhog sé chuig an Lorgain.

Tá na **(ii)** ☐ sa cheantar iontach deas. Freastalaíonn sé ar ranganna Gaeilge i halla atá suite **(iii)** ☐ don leabharlann.

Níl mórán imeachtaí atá saor sa bhaile don **(iv)** ☐ . Tá Conall sásta go mbeidh sé ag freastal ar scoil **(v)** ☐ buachaillí agus cailíní. Beidh an scoil nua **(vi)** ☐ leis an scoil ina raibh sé.

Bíonn **(vii)** ☐ ag daoine an carr a pháirceáil ag an ionad siopadóireachta. Is cosúil go bhfuil club oíche le **(viii)** ☐ ar An Lorgain.

A le	**B** phobal	**C** fharraige
D fadhbanna	**E** hoscailt	**F** druidim
G cóngarach	**H** daoine	**I** difriúil

[8]

[Turn over

4 Spiorad pobail

Léann tú faoi Líosa ag cuidiú sa phobal.

Is dochtúir mé, ach caithim cuid mhór ama ar an obair dheonach mar sílim féin go bhfuil sí tábhachtach. Bím ag cuidiú le daoine dífhostaithe nuair a thagann siad isteach chuig an ionad sláinte.

Ní bhím ag obair san ionad sláinte ag an deireadh seachtaine; mar sin de, caithim maidin Dé Sathairn ag cócaireacht in ionad do dhaoine gan dídean.

Eagraím bailiúchán airgid do na daoine sna tíortha atá i mbéal forbartha gach bliain. Anuraidh, bhailigh mé míle punt le cuidiú a thabhairt do dhaoine a bhí ag tógáil scoile.

Is maith liom gach sórt ainmhí. Ba mhaith liom a bheith ábalta cuidiú le hainmhithe atá i mbaol ach níl an t-am agam!

Déanaim rudaí leis an timpeallacht a chosaint fosta. Chaith mé mí ag dul thart ag tógáil bruscair i mo cheantar mar déanann sé dochar don timpeallacht.

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

(a) **(i)** Caitheann Líosa a lán ama ar an obair dheonach. ☐

(ii) Caitheann Líosa barraíocht airgid ar an obair dheonach. ☐

(iii) Ní chaitheann Líosa am ar bith ar an obair dheonach. ☐ [1]

(b) **(i)** Bíonn Líosa ag cuidiú le daoine atá gan teaghlach. ☐

(ii) Bíonn Líosa ag cuidiú le daoine atá gan phost. ☐

(iii) Bíonn Líosa ag cuidiú le daoine atá gan chairde. ☐ [1]

(c) **(i)** Déanann Líosa bia ag an deireadh seachtaine. ☐

(ii) Déanann Líosa aclaíocht ag an deireadh seachtaine. ☐

(iii) Déanann Líosa scíste ag an deireadh seachtaine. ☐ [1]

(d) **(i)** Bailíonn Líosa éadaí. ☐

(ii) Bailíonn Líosa ainmhithe. ☐

(iii) Bailíonn Líosa airgead. ☐ [1]

[Turn over

(e) **(i)** Tá dúil ag Líosa sna hainmhithe. ☐

(ii) Tá ainmhithe ag Líosa. ☐

(iii) Bíonn Líosa ag cuidiú le hainmhithe. ☐ [1]

(f) **(i)** Déanann Líosa dearmad ar an timpeallacht. ☐

(ii) Déanann Líosa rudaí maithe don timpeallacht. ☐

(iii) Déanann Líosa damáiste don timpeallacht. ☐ [1]

Section B

Questions and answers **in English**.

5 Social and global issues

Translate the following sentences **into English**.

Write your answers in the spaces provided.

(a) Tá an truailliú go holc.

_____

_____ [2]

(b) Níl creachadóireacht sa cheantar.

_____

_____ [2]

(c) Tugaim aire do mo sheanathair.

_____

_____ [2]

(d) Ní úsáidim málaí plaisteacha.

_____

_____ [2]

[Turn over

6 Holidays

You read about a water sports camp.

Campa na Farraige

Na Dúnaibh
Co. Dhún na nGall

An mbeadh suim agat spórt uisce a fhoghlaim an samhradh seo?

Tar chuig Campa na Farraige chun ceachtanna a dhéanamh ar na himeachtaí seo:

- Clársheoltóireacht
- Seoltóireacht
- Tumadóireacht
- Surfáil

Tá £10 ar gach ceacht ach faigheann tú dearbhán má íocann tú as ceithre cinn.

Caith seachtain linn ag cur le do scileanna san uisce. Tá carbháin agus árasáin ar fáil againn anseo nó is féidir lóistín eile a fháil sa cheantar.

Answer the following questions **in English**.

Write your answers in the spaces provided.

(a) Name **one** activity available in Campa na Farraige.

_____ [1]

(b) What do you get when you pay for four lessons?

_____ [1]

(c) What accommodation can Campa na Farraige provide? Mention **one**.

_____ [1]

[Turn over

7 School

You read the following accounts about different pupils' schools.

Read each section and tick [✓] the correct boxes.

(a)

Tá mé ag freastal ar Scoil Ghramadaí Naomh Áine. Is scoil bheag mheasctha í. Cuireann cuid de na buachaillí i mo rang foirme isteach orm ach ní miste liom na cailíní sa rang. Bainim sult as an Stair mar is ábhar taitneamhach í. Ní réitím go maith leis an mhúinteoir. Fuair mé grád D sa scrúdú agus dúirt sé go raibh na freagraí uilig gairid.

Cara

Tick [✓] the boxes beside the **two** sentences which are **true** in section **(a)**.

(i) Cara attends a big school. ☐

(ii) Cara doesn't like the girls in her form class. ☐

(iii) Cara thinks that History is enjoyable. ☐

(iv) Cara gets on well with her History teacher. ☐

(v) The teacher said that Cara's answers were short. ☐ [2]

(b)

Is scoláire mé ar Ghaelcholáiste na hÉireann. Tá an scoil suite i sráidbhaile beag tuaithe i gContae Chiarraí ach is í an scoil is mó sa cheantar í. Tá mé beagnach réidh leis an scoil anois mar beidh mé ag críochnú ag deireadh na bliana. Is breá liom na múinteoirí, na scoláirí eile agus gach ábhar scoile fiú, ach is é an bia sa cheaintín an rud is fearr faoin scoil. Tá fadhb bheag amháin ann, áfach, an praghas! Níl an bia saor go leor; is é mo bharúil féin go bhfuil sé ródhaor.

John

Tick [✓] the boxes beside the **two** sentences which are **true** in section **(b)**.

(i) John's school is situated in the city. ☐

(ii) John's school is the smallest in the area. ☐

(iii) John is almost ready to leave school. ☐

(iv) John hates everything about school. ☐

(v) John thinks that the canteen food is expensive. ☐ [2]

[Turn over

8 School concert

You read this article about a school concert.

SÍLE ag seinm ag Ceolchoirm na Samhna

Bhí an t-ádh orainn i mbliana nuair a shocraigh na scoláirí i mBliain 14 *Ceolchoirm na Samhna*. Bhí siad ag cuidiú leis an fhoireann cispheile chun airgead a fháil. Bhí liathróidí nua de dhíth ar na himreoirí cispheile.

Bhí cuid mhór daoine ag canadh, ach bhí banna ceoil amháin ann a bhí i bhfad níos fearr ná gach duine mar cheol siad amhráin as Gaeilge. Bhí slua mór sa halla agus bhí siad sásta nuair a chuala siad na focail Ghaeilge ar dtús.

Thosaigh na ceoltóirí ag seinm le chéile nuair a bhí siad uilig sa Ghaeltacht. *SÍLE* an t-ainm atá ar an bhanna ceoil. Roghnaigh siad *SÍLE* mar ainm don bhanna mar bhuíochas don mhúinteoir ceoil a bhí acu sa Ghaeltacht. Síle an t-ainm a bhí uirthi agus theagasc sí na hamhráin Ghaeilge uilig dóibh.

Answer the following questions **in English**.

Write your answers in the spaces provided.

(a) Which team did the Year 14 students help?

_____ [1]

(b) What new equipment did the team need?

_____ [1]

(c) How did the crowd feel at first when they heard the Irish lyrics?

_____ [1]

(d) Who is the band *SÍLE* named after?

_____

_____ [2]

[Turn over

9 A job interview

You read Megan's blog about her job interview.

> Fuair mé scairt ghutháin ag iarraidh orm dul faoi agallamh don phost san ollmhargadh. Chuir mé teachtaireacht chuig mo mhamaí agus mo chairde láithreach.
>
> Bhí an t-agallamh agam maidin Dé Sathairn. Mhothaigh mé neirbhíseach ag an tús, ach bhí sé iontach corraitheach fosta.
>
> Chuaigh mé isteach i seomra beag thuas staighre. Bhí an bainisteoir agus an t-úinéir ann. Chuir siad ceisteanna orm faoi na cáilíochtaí, na scileanna idirphearsanta agus an taithí atá agam. D'inis mé dóibh faoin obair a rinne mé sa tsiopa milseán.
>
> Nuair a bhí an t-agallamh thart, thug siad an post dom; bhí mé ar mhuin na muice!

Answer the following questions **in English**.

Write your answers in the spaces provided.

(a) How did Megan find out about her interview in the supermarket?

_____ [1]

(b) How did Megan feel at the interview?

_____ [1]

(c) State **two** things that Megan was asked about in the interview.

_____

_____ [2]

(d) What type of shop did Megan work in before?

_____ [1]

(e) When did Megan get the job?

_____ [1]

[Turn over

10 Future plans

You read about Eimear's plans for the future.

Is cinnte go mbíonn gach duine óg buartha faoin phost ba mhaith leis sa todhchaí, mise san áireamh. Leis an fhírinne a rá, níl mé féin cinnte faoin phost a bheidh agam san am atá le teacht.

Níl seans ar bith ann go mbeidh mé i mo dhochtúir, ach tá seans níos fearr ann go mbeidh mé i mo mhac léinn go deo! Le bheith ionraic, níl a fhios agam cad é a dhéanfaidh mé.

Níor mhiste liom triail a bhaint as poist éagsúla. Is duine iontach dícheallach mé. Thiocfadh liom a bheith i mo mhúinteoir, ar ndóigh, ach beidh le feiceáil.

Pick the correct word/phrase and write the letter in the box.

(a) Eimear is ☐ about what job she would like. [1]

A unhappy	**B** unsure	**C** doesn't mind

(b) Eimear might be ☐ forever. [1]

A a student	**B** an architect	**C** a doctor

(c) Eimear is a very ☐ person. [1]

A different	**B** difficult	**C** hard working

[Turn over

11 Personal profile

You read Liam's online profile.

Ainm: Liam Ó Néill **Aois:** 49 bliain d'aois **Áit Chónaithe:** Cathair Dhoire **Stádas oibre:** Féinfhostaithe	Is fear meánaosta mé. Tógadh ar fheirm mé, ach ní raibh suim san fheirmeoireacht agam riamh. Is ealaíontóir lánaimseartha mé. Tá cuid de mo phictiúir le feiceáil ag an taispeántas ealaíne i Halla an Bhaile. Téim chuig an phictiúrlann gach seachtain. Ní maith liom am a chur amú, ach is fiú go mór amharc ar scannán maith. Tá deartháir amháin agam, Antón an t-ainm atá air. Is sagart é agus tá cónaí air san Afraic. Bíonn sé ag obair leis an ghrúpa *Trócaire*. Tá mé bródúil as mar is duine ionraic é.

Answer the following questions **in English**.

Write your answers in the spaces provided.

(a) What is Liam's job?

_____ [1]

(b) What does Liam not like to do with his time?

_____ [1]

(c) Why is Liam proud of Antón?

_____ [1]

[Turn over

12 Technology

You read what Máire wrote about technology.

> Is cinnte go bhfuil an teicneolaíocht ag athrú go gasta sa lá atá inniu ann.
>
> Is féidir linn gach rud a dhéanamh ar an fhón póca. Úsáidim an fón póca le mo ghuth a thaifeadadh agus a shábháil le rudaí a fhoghlaim don scoil.
>
> Tá míbhuntáiste mór amháin leis an teicneolaíocht – má dhéanann tú dearmad ar an phasfhocal do do chuntas, ní féidir rud ar bith a dhéanamh! Scríobhaim féin mo phasfhocal i mo dhialann le cur i gcuimhne dom.
>
> Is breá liom féin an tsiopadóireacht ar líne ach níl mo mhamaí chomh compordach sin leis an teicneolaíocht. D'oscail sí cuntas le baincéireacht ar líne a dhéanamh cúpla bliain ó shin ach, sa deireadh, chuir sí gach rud ar ceal.

Answer the following questions **in English**.

Write your answers in the spaces provided.

(a) According to Máire, what is happening to technology?

_____ [1]

(b) What does Máire record and save on her phone?

_____ [1]

(c) What does Máire write in her diary?

_____ [1]

(d) What happened with Máire's mum's online banking in the end?

_____ [1]

THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER

Sources: All images ©Getty Images

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

For Examiner's use only	
Question Number	Marks
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
Total Marks	

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.